


GCSE



TREOIR DO MHÚINTEOIRÍ GCSE CCEA

Stair

Aonad 1 Roinn B Rogha 2:
Caidrimh Ag Athrú: Tuaisceart Éireann
agus a Chomharsana, 1965–98

Paca Acmhainní:
Dearbhú Shráid Downing, 1993

Rogha 2: Caidrimh Ag Athrú: Tuaisceart Éireann agus a Chomharsana, 1965–98

Réamhrá don Phaca Acmhainní

Forbraíodh an paca seo le bheith ina chuidiú le tacú le teagasc agus foghlaim ‘*Caidrimh ag Athrú: Tuaisceart Éireann agus a Chomharsana, 1965-98*’ agus, go háirithe, ábhair úr sa rogha seo – ‘Dearbhú Shráid Downing, 1993’. Is é inneachar na sonraíochta don ábhar seo:

Dearbhú Shráid Downing, 1993	Tionscnamh Hume–Adams; Dearbhú Shráid Downing; eochairthearmaí agus eochairfhreagairtí ar an Dearbhú i dTuaisceart Éireann agus an tábhacht leis an bhealach a réiteach do na sosanna comhraic.
-------------------------------------	---

Tá roinn ‘*treoir do mhuinteoirí*’ ann do gach gníomhaíocht, le cois ‘*treoracha do dhaltaí*’. Cuirtear roinnt faisnéise cúlra gairide ar fáil do gach gníomhaíocht fosta. Cuireann gach gníomhaíocht deiseanna ar fáil riachtanais reachtúla scileanna Churaclam Thuaisceart Éireann ag Eochairchéim 4 a fhorbairt le cois na scileanna a mbeifear ag súil go léireoidh daltaí sa scrúdú don rogha seo:

- eolas agus tuiscint a léiriú ar phríomhghnéithe agus ar phríomhthréithe na tréimhse a ndearnadh staidéar uirthi (CM1);
- imeachtaí stairiúla agus tréimhsí stairiúla a ndearnadh staidéar orthu a mhíniú agus anailís a dhéanamh orthu ag baint úsáid as coincheapa stairiúla den dara hord, lena n-áirítear leanúnachas, athrú, cúis, iarmhairt, tábhacht, cosúlacht agus éagsúlacht (CM2); agus
- anailís a dhéanamh ar fhoinsí (i gcomhairsir leis an tréimhse), iad a mheas agus úsáid a bhaint astu le breithiúnais a bhfuil bunús leo a thabhairt, i gcomhthéacs imeachtaí stairiúla a ndearnadh staidéar orthu (CM3).

Cúlra an ábhair

Níor chuir an Comhaontú Angla-Éireannach sa bhliain 1985 deireadh le foréigean i dTuaisceart Éireann. Leanadh d'ionsaithe paraimíleata ar thaobh na nDílseoirí agus na bPoblachtach araon. Mar shampla, sa bhliain 1992 féin, mharaigh an UFF cúigear sibhialtach Caitliceach i siopa geallghlacadóra i mBéal Feirste agus rinne buama de chuid Óglaigh na hÉireann (*IRA*) i lár Londan damáiste a chosain chóir a bheith £1 billiún.

San am chéanna, áfach, bhí forbairtí dearfacha á gcur i gcrích. Bhí John Hume de chuid an *SDLP* (Páirtí Sóisialta agus Daonlathach an Lucht Oibre) i gcainteanna rúnda le Gerry Adams ó Sinn Féin agus iad ag iarraidh beart síochána a chur i gcrích. I ngan fhios don tsaol san am seo, bhí rialtas na Breataine fosta i gcainteanna rúnda le Poblachtaigh tríd idirghabhálaí.

I ndeireadh na dála, ba é Dearbhú Shráid Downing sa bhliain 1993 idir rialtas na Breataine agus rialtas na hÉireann an toradh a bhí ar na forbairtí seo uilig.

Dúradh sa Dearbhú go raibh an ceart ag muintir na hÉireann ar fhéinchinntiúchán, ach go bhfanfadh Tuaisceart Éireann mar chuid den RA fad is gur mhian le tromlach a saoránach é. Chuimsigh sé prionsabal an toilithe fosta, a chiallaigh gur ag muintir na hÉireann amháin, Thuaidh agus Theas, a bheadh an ceart saincheisteanna na hÉireann a réiteach de chomhthoil.

Níor chuir an doiciméad deireadh leis an fhoréigean, ach chuidigh sé dúshraith a chur síos a dtógfaí socrú síochánta, polaitiúil uirthi.

Gníomhaíocht a hAon

Teideal: Tionscnamh Hume–Adams agus Dearbhú Shráid Downing, 1993.

Príomhcheist: Cad chuige a raibh Dearbhú Shráid Downing ionchurtha

i gcrích mall sa bhliain 1993?

Treoracha do Dhaltáí

*Cuirfidh bhur mhúinteoir i ngrúpaí sibh le faisnéis faoi théama ar leith a phlé a bhaineann le cúlra Dhearbhu Shráid Downing, 1993 (Teimpléad A).

*Pléigh an téama seo le baill eile do ghrúpa -díriú ar an fháth ar dhóchúla comhaontú a bheith idir rialtas na Breataine agus rialtas na hÉireann mar gheall ar an téama seo.

*Anois scríobh do mhíniú sa cholún in aice le do théama ar an tábla a thugann do mhúinteoir duit (Teimpléad B).

*Tabhair aischothú ar bhur míniú don chuid eile de bhur rang. Éistigí leis an aischothú ó na grúpaí eile agus breacaigí síos a gcuid mínithe os coinne na dtéamaí éagsúla eile ar bhur dtábla.

*Anois roghnaigí ceann AMHÁIN de na téamaí agus mínigí an fáth a síleann sibh gur thábhachtach an cuidiú é le comhaontú a chur i gcrích idir rialtas na Breataine agus rialtas na hÉireann mall sa bhliain 1993 (Teimpléad C).

Treoir don Mhúinteoir

*Agus na daltaí i ngrúpaí, tabhair cártaí colais (Teimpléad A) dóibh a bhaineann le cúlra an ama sular síníodh Dearbhú Shráid Downing (aon uair amháin a bhfuil réamheolas ar an téama seo faighte acu): 1) Teip an Chomhaontaithe Angla-Éireannaigh 1985, foréigean leanúnach agus éileamh an ghnáth phobail ar shíocháin; 2) Glacadh Adams le prionsabal an toilithe; 3) Toghadh Mary Robinson mar Uachtarán na hÉireann, 1990; 4) Tionscnamh Hume-Adams; 5) Cainteanna rúnda idir rialtas na Breataine agus Poblachtaigh Éireannacha.

*Iarr ar dhaltáí a dtéama a phlé agus an fáth a mhíniú a ndéanfadh sé comhaontú idir rialtas na Breataine agus rialtas na hÉireann níos dóchúla faoi, mall sa bhliain 1993. Tabhair tábla do gach grúpa le míniú grúpa a scríobh síos air in aice lena dtéama ar leith féin (Teimpléad B).

*Ba choir do ghrúpaí a bhfreagairtí a aischothú mar chuid de phlé idir an rang uile agus iad ag comhlánú an tábla de réir mar atá siad ag dul ar aghaidh.

*Sa tseisiún iomlánach, thiocthadh le daltaí téama amháin a thoghadh a shíleann siad a bheith ar an téama is tábhachtaí le comhaontú a chur i gcrích go mall sa bhliain 1993, agus fáthanna ar roghnaigh siad é a thabhairt.

Gníomhaíocht a hAon

Teimpléad A – Cártaí Faisnéise ar Dhearbhú Shráid Downing

Téama 1: Teip an Chomhaontaithe Angla-Éireannaigh, foréigean leanúnach go 1993 agus éileamh an ghnáthphobail ar shíocháin.

Níor chuir an Comhaontú Angla-Éireannach deireadh le foréigean. Bhí aontachtaithe agus dílseoirí in éadan an Chomhaontaithe, mar bhí Poblachtaigh. Leanadh den chogaíocht ar an dá thaobh:

- Sa bhliain 1991, maraíodh 31 duine ag Dílseoirí, Caitlicigh neamhchiontacha den chuid is mó.
- Sa bhliain 1993, maraíodh beirt ghasúr óg ag buama de chuid Óglaigh na hÉireann i Warrington, Sasana agus mharaigh buama eile naonúr sibhialtach Protastúnach neamhchiontach i siopa éisc ar Bhóthar na Seanchille i mBéal Feirste. Mar fhreagairt air seo, mharaigh Dílseoirí trí cloigne déag eile in ionsaithe díoltais.

Chuir an foréigean seo samhnas ar chuid mhór daoine i dTuaisceart Éireann agus d'éiligh siad athrach.

Téama 2: Glacadh Gerry Adams le prionsabal an toilithe

Faoi na luath 1990idí, thosaigh ceannaire Sinn Féin ag glacadh leis gurbh é an príomhfháth a raibh an Chríochdheighilt ann ar fad go raibh tromlach na n-aontachtaithe i dTuaisceart Éireann i bhfách leis agus go raibh siad in éadan Éire Aontaithe. Thuig Adams go gcaithfeadh comhaontú (nó comhthoil) na n-aontachtaithe a bheith ann má bhí Éire Aontaithe le bheith ann choíche. Chaithfí a chur ina luí ar aontachtaithe gur smaoineamh maith a bheadh in Éire Aontaithe.

Téama 3: Toghadh Mary Robinson mar Uachtarán na hÉireann, 1990

Mar bhall de Sheanad Éireann sa bhliain 1985, d'esaontaigh Robinson leis an Chomhaontú Angla-Éireannach. Dúirt sí nach raibh sé cothrom leis an phobal aontachtach i dTuaisceart Éireann. Mar Uachtarán na hÉireann, d'áitigh sí gur mhó na tosaíochtaí a bhí ag síocháin agus ceartas a bhaint amach i dTuaisceart Éireann ná deireadh a chur le críochdheighilt.

Téama 4: Tionscnamh Hume–Adams

Thosaigh cainteanna rúnda idir John Hume, ón SDLP agus Gerry Adams ó Shinn Féin chomh luath leis an bhliain 1988. Chreid Hume gurbh fhéidir síocháin a bhaint amach dá n-áitíffí ar Óglaigh na hÉireann a gcuid arm a thabhairt suas agus oibriú fríd an pháirtí pholaitiúil, Sinn Féin. Dúirt Hume fosta go gcaithfeadh rialtas na Breataine iarracht a dhéanamh an bealach a réiteach ionas go mbeadh sé indéanta ag Óglaigh na hÉireann a gcuid gunnaí a thabhairt suas. Dúirt Adams agus Hume araon gur chóir do mhuintir na hÉireann amháin, Thuaidh agus Theas, todhchaí na hÉireann a shocrú.

Nuair a foilsíodh na cainteanna seo, d'eisigh an bheirt fhear comhráiteas ar 25 Meán Fómhair 1993, inar dúradh go raibh sé “mar aidhm ag Tionscnamh Hume–Adams próiseas síochána a chruthú.” Léirigh an ráiteas go mb'fhéidir gur cainteanna polaitiúla an bealach chun tosaigh. Glacadh leis fosta go gcaithfí tuairimí aontachtacha a chur san áireamh, a fhad is gur ghlac aontachtaithe leis gur mhian le náisiúnaithe Éire Aontaithe go fóill.

Téama 5: Cainteanna rúnda idir Rialtas na Breataine agus Poblachtaigh

Ar 16 Samhain 1993, bhí scéal sna meáin chumarsáide ag maíomh go raibh cainteanna ag dul ar aghaidh idir rialtas na Breataine agus Poblachtaigh. Deimhníodh an scéal ar 28 Samhain 1993. Corradh beag le coicís ina dhiaidh sin, síníodh Dearbhú Shráid Downing.

Gníomhaíocht a hAon

Teimpléad B – Cad é a d'fhág go raibh síniú Dhearbhú Shráid Downing indéanta i Mí na Nollag 1993?

Oibrígí i ngrúpaí agus comhlánaí an tábla thíos:

An t-ullmhúchán roimh shíniú Dhearbhú Shráid Downing	Cinneadh: cé acu bheadh comhaontú idir rialtas na Breataine agus rialtas na hÉireann níos dóchúla nó a mhalairt faoi dheireadh na bliana 1993 de thairbhe na forbartha seo?
Téama 1 Teip an Chomhaontaithe Angla-Éireannaigh 1985, foréigean leanúnach agus fonn síochána i dTuaisceart Éireann faoi na luath 1990idí	
Téama 2 Glacadh Adams le prionsabal an toilithe	
Téama 3 Déantar Uachtarán na hÉireann de Mary Robinson, 1990	
Téama 4 Tionscnamh Hume–Adams	
Téama 5 Cainteanna rúnda idir Rialtas na Breataine agus Poblachtaigh	

Gníomhaíocht a hAon

Teimpléad C

Déanaigí staidéar ar na cúig théama cúlra arís. Roghnaígh an téama a shíleann sibh ba thábhachtaí i dtaca le cuidiú le síniú Dhearbhu Shráid Downing, 1993, a chur i gcrích agus mínigh cad chuige.

Téama a Roghnaíodh	An fáth arbh é an téama a ba thábhachtaí i dtaca le cuidiú le síniú Dhearbhu Shráid Downing, 1993, a chur i gcrích

Gníomhaíocht 2

Teideal: Téarmaí Dhearbhu Shráid Downing, 1993

Príomhcheist: Cérbh iad príomhthéarmaí Dhearbhu Shráid Downing, 1993?

Treoracha do Dhaltáí

*Cuirfidh bhur múinteoir faisnéis faoi Dhearbhu Shráid Downing ar fáil daoibh. Is féidir fosta go dtabharfar deis daoibh taighde neamhspleách a dhéanamh.

*Iarrfar ansin oraibh samhlú gur iriseoirí sibh, do nuachtán neodrach idirnáisiúnta ag tuairisciú ar Dhearbhu Shráid Downing.

*Caithfidh sibh Comhad Fíricí a chur le chéile ina bhfuil faisnéis faoi Dhearbhu Shráid Downing. Bainfidh tú úsáid as seo níos faide anonn le miontuairisc a scríobh faoi (Teimpléad A).

Treoir don Mhúinteoir

*Léigh tríd an fhaisnéis faoi Dhearbhu Shráid Downing leis na daltaí – na príomhrannpháirtithe, príomhthéarmaí srl.

*Mínigh do dhaltáí go nglacfaidh siad ról mar iriseoir atá ag obair do nuachtán neodrach, idirnáisiúnta i Mí na Nollag 1993. Iarr ar dhaltáí Comhad Fíricí a chruthú ar Dhearbhu Shráid Downing dá nuachtán, faoi cheithre phríomhtheideal. (Cé? Cá háit? Cá huair? Cad é?) (Teimpléad A).

*D'fhéadfaí iarraidh ar dhaltáí tuairisc iomlán nó alt iomlán a scríobh ina dhiaidh sin.

Gníomhaíocht a Dó

Teimpléad A – Comhad Fíricí ar Dhearbhú Shráid Downing

Comhlánaigí an tábla thíos, ag baint úsáid as a oiread mionsonraí ábhartha agus is féidir. Thig leat úsáid a bhaint as an fhaisnéis seo níos faide anonn le tuairisc nó alt a scríobh ar Dhearbhú Shráid Downing

Comhad Fíricí: Dearbhú Shráid Downing

CÉ? <i>Luaigh na príomhbhagoine a bhí páirteach i sínú an dearbhaithe.</i>	
CÁ HÁIT? <i>Láthair – an áit ar eisíodh an dearbhú.</i>	
CÁ HUAIR? <i>An dáta.</i>	
CAD É? <i>Cérbh iad na príomhbhéarmaí: cuir pointe le hurchar le gach téarma.</i>	

Gníomhaíocht 3

Teideal: Freagairtí ar Dhearbhú Shráid Downing

Príomhcheist: Cérbh iad na freagairtí ar Dhearbhú Shráid Downing, 1993?

Treoracha do Dhaltáí

- *Rachaidh bhur múinteoir siar ar fhaisnéis a bhaineann le Dhearbhú Shráid Downing.
- *Cuirfear isteach i gceann amháin de cheithre ghrúpa sibh agus iarrfar oraibh anailís a dhéanamh ar fhreagairt ar Dhearbhú Shráid Downing i Mí na Nollag 1993 ó dhearcadh áirithe (Teimpléad A).
- *Caithfidh sibh, mar ghrúpa, aischothú a thabhairt don chuid eile de bhur rang agus míniú cé leis an dearcadh a bhfuil tú ag cur síos air agus a fhreagairt.
- *Ar bhonn aonair, comhlánóidh sibh roinnt ceisteanna bunaithe ar fhoinsí ag fiosrú réimse dearcthaí comhaimseartha.

Treoir do Mhúinteoirí

- *Léigh an réamheolas atá curtha ar fáil don ghníomhaíocht seo (Teimpléad A).
- *Roinn an rang ina cheithre ghrúpa. Iarr ar gach grúpa díriú ar cheann de na ceithre foinsí comhaimseartha sa ghníomhaíocht seo, a bhaineann le freagairtí ar Dhearbhú Shráid Downing (Teimpléad A).
- *Oibríonn na daltaí i ngrúpaí. Ba chóir do gach grúpa ceannaire a chur chun tosaigh leis an dearcadh i bhfoinse s'acusan a mhíniú don chuid eile den rang.
- *Ansin, ar bhonn aonair, comhlánaíonn daltaí ceisteanna bunaithe ar fhoinsí ar na foinsí uilig sa ghníomhaíocht seo.

Gníomhaíocht a Trí

Teimpléad A – Intreoir do Dhearbhú Shráid Downing 1993

Thug Dearthbhú Shráid Downing an ceart do mhuintir na hÉireann ina n-iomláine todhchaí na tíre a roghnú. Bhí rud beag 'ligeam chugat agus uait' ag baint leis:

- D'fhanfadh Tuaisceart Éireann deighilte ón chuid eile d'Éirinn go dtí gur mhian le tromlach a mhuintire seo – rud a d'éiligh aontachtaithe ariamh anall.
- Bheadh cead aighnis ag an Phoblacht in aon socrú sa todhchaí – rud, a dúirt poblachtaigh ariamh, a bhí de dhíth orthu.

Thug an dearbhú, mar sin de, rud éigin do gach taobh. Thug sé d'Óglaigh na hÉireann (IRA) an méid a bhí de dhíth orthu, ach thug sé a ndúshlán labhairt in áit úsáid a bhaint as foréigean. Rinne sé deacair fosta d'aontachtaithe agus do dhílseoirí diúltú a bheith páirteach i gcainteanna feasta.

Bhíothas ag súil go mbeadh sos comhraic ar an dá thaobh de thoradh an dearbhaithe, rud a d'éascódh cainteanna idir na páirtithe uile agus socrú nua polaitiúil do Thuaisceart Éireann.

Tharla na rudaí seo uilig faoi Dheireadh Fómhair 1994.

Bhí meascán mór freagairtí ar Dhearbhú Shráid Downing i Mí na Nollag 1993.

Foinsí: Freagairtí ar Dhearbhu Shráid Downing a cuireadh in iúl in Westminster, 15 Mí na Nollag 1993

Foinse A: Príomh-Aire na Ríochta Aontaithe, John Major, 15 Mí na Nollag, 1993

Má bhíonn deireadh le foréigean go buan, agus má gheallann Sinn Féin cloí leis an phróiseas daonlathach, beidh cainteanna againn leo taobh istigh de thrí mhí. Ach, ar dtús, caithfidh siad deireadh a chur le foréigean go buan. Ba chóir d'aontachtaithe a bheith muiníneach as an dearbhú seo. Glacann an Taoiseach go huile agus go hiomlán leis an phrionsabal nach dtiocfadh le haon athrú bunreachtúil a bheith ann ach amháin le comhthoil tromlaigh i dTuaisceart Éireann.

© Parlaimint RA

Foinse B: Ceannaire Pháirtí Aontachtach Uladh (UUP), James Molyneux, 15 Mí na Nollag, 1993

An bhfuil an Príomh-Aire ag súil, mar atá mé féin, gur féidir linn anois dul ar aghaidh agus Tuaisceart Éireann a rialú de réir mar is toil le 85% den phobal – idir Phrotastúnaigh agus Chaitlicigh? An féidir leis a dheimhniú go gciallaíonn an comhdhearbhú nach mbeidh Éire aontaithe ann gan comhthoil an tromlaigh, ná áit ag Sinn Féin sna cainteanna láithreach?

© Parlaimint RA

Foinse C: Ceannaire an Pháirtí Aontachtaigh Dhaonlathaigh, (DUP) Ian Paisley, 15 Mí na Nollag, 1993

Is samhnasach liom a chluinstin, i gcionn trí mhí, má stadann Óglaigh na hÉireann (IRA) den fhoréigean gan aon choinníoll go dtabharfaidh siad suas a n-airm ná a n-ábhar déanta buamaí, go gcuirfear cuireadh ar Óglaigh na hÉireann (IRA), mar pholaiteoirí, áit a ghlacadh ag an tábla i gcomhair cainteanna. Goilleann sin go linn bhuí na gcaolán ar mhuintir Thuaisceart Éireann a ndearnadh slad agus búistéireacht orthu agus a dúnmharaíodh.

© Parlaimint RA

Foinse D: Ceannaire ar Pháirtí Sóisialta agus Daonlathach an Lucht Oibre (SPLP) John Hume, 15 Mí na Nollag, 1993

Is dúshlán an comhdhearbhú do gach páirtí teacht chuig an tábla in atmaisféar atá go hiomlán síochánta le tús a chur le próiseas atá iontach deacair, is é sin teacht ar chomhaontú. Má tharlaíonn sé in atmaisféar síochánta, is mó i bhfad an seans a bheidh againn teacht ar chomhaontú. Go roinne an Teach liom sa nóiméad seo dóchas ár muintire uile gur inniu an chéad phríomhchéim ar bhóthar a bhainfidh an gunna agus an buama choíche ónár n-oileán beag daoine.

© Parlaimint RA

Ceisteanna bunaithe ar fhoinsí: Freagairtí ar Dhearbhú Shráid Downing, 1993

1. Ag baint úsáid as Foinse A agus as d'eolas comhthéacsúil féin, luaigh rud **amháin** a raibh súil ag John Major go dtarlódh mar thoradh ar Dhearbhú Shráid Downing, 1993. (2 mharc)

2. Ag baint úsáid as Foinse B agus as d'eolas comhthéacsúil féin, luaigh **dhá** réimse inar iarr James Molyneaux deimhnithe ó Dhearbhú Shráid Downing. (4 mharc)

1

2

Ceist Shamplach – Treoir do Mhúinteoirí

Tabhair faoi deara, le do thoil: Tá freagairtí samplacha thíos agus beidh daltaí, ar bhonn aonair, ábalta freagairt níos forbartha/níos lú forbartha a sholáthar, ag brath ar leibhéal chumais agus ar bhainistiú ama. Ní gá d'iarrthóir na pointí UILIG thíos a chuimsiú le freagairt den chéad ghrád a bhaint amach. Ba chóir sin a chur san áireamh nuair atá na freagairtí samplacha seo á n-úsáid.

Ní héigean do dhaltaí úsáid a bhaint as an fhoinsé ACH le ceisteanna a bhaineann le húsáideacht nó le hiontaofacht na foinsé a fhreagairt. Ní héigean dóibh fianaise bhreise ná gnéithe breise a thabhairt isteach ó thaobh amuigh den fhoinsé. Nuair a iarrann an cheist “eolas comhthéacsúil,” ciallaíonn sin go díreach eolas an iarrthóra féin ar an fhaisnéis atá san fhoinsé, m.sh. gur sa bhliain 1993 a eisíodh Dearbhú Shráid Downing.

Ceist 3

Déan staidéar ar Fhoinsé C. Cad é chomh **húsáideach** agus atá **Foinsé C** ag staraí atá ag déanamh staidéir ar fhreagairtí polaiteoirí ó Thuaisceart Éireann ar Dhearbhú Shráid Downing? (5 mharc)

Mínigh do fhreagra, **ag baint úsáid as Foinsé C agus as d'eolas comhthéacsúil féin.**

Spríoc CM3: Anailís agus luacháil ar úsáideacht na foinsé le breithiúnais a bhfuil bunús leo a thabhairt.

Ba chóir don fhreagairt cuid de na nithe seo a leanas a chuimsiú:

Tá an fhoinsé úsáideach cionn is:

Údar – Ba é Ian Paisley ceannaire an *DUP* sa bhliain 1993 agus ba phríomhurlabhraí ar son an aontachtais é. Ba Theachta Parlaiminte (*MP*) tofa é agus rinne sé ionadaíocht ar son na ndaoine a vótáil dó agus dá pháirtí.

Dáta – Úsáideach cionn is gur óráid i dTeach na dTeachtaí é go díreach i ndiaidh fógra Dhearbhú Shráid Downing ar 15 Mí na Nollag 1993.

Ábhar – Cuireann sé in iúl dúinn tuairimí ceannaire mór le rá de chuid na n-aontachtaithe ar an dearbhú go díreach i ndiaidh a fhógairt. Deir Paisley gur gránna leis an smaoineamh go mb'fhéidir go gcaithfeadh aontachtaithe, mar é féin, idirbheartaíocht a dhéanamh le hÓglaigh na hÉireann (*IRA*), a mhaíonn sé san fhoinsé a rinne ‘slad agus búistéireacht agus a dhúnmharaigh’ muintir Thuaisceart Éireann. Tugann sé leid go gcreideann sé gur chóir go gcaithfeadh Óglaigh na hÉireann (*IRA*) a n-airm a thabhairt suas sula gcuirfí tús le cainteanna ar bith.

Teorainneacha – Níl Paisley ach ina ionadaí do chuid amháin den aontachtachas, más chuid suntasach féin í. Níor iarr aontachtaithe áirithe, amhail James Molyneaux, ceannaire an *UUP*, ach gealltanais ó rialtas na Breataine agus ó rialtas na hÉireann sula ndeachaigh siad isteach i gcainteanna le poblachtaigh. Chuir Teachtaí Parlaiminte náisiúnacha, amhail John Hume ón *SDLP*, fáilte iomlán roimh an dearbhú.

Ceist 4

Déan staidéar ar Fhoinsé D. Cad é chomh **hiontaofa** agus atá **Foinsé D** ag staraí atá ag déanamh staidéir ar fhreagairtí polaiteoirí ó Thuaisceart Éireann ar Dhearbhú Shráid Downing? (6 mharc)

Mínigh do fhreagra, **ag baint úsáid as Foinsé D agus as d'eolas comhthéacsúil féin.**

Sprioc CM3: Anailís agus luacháil ar iontaofacht na foinsé le breithiúnais a bhfuil bunús leo a thabhairt.

Ba chóir don fhreagairt cuid de na nithe seo a leanas a chuimsiú:

D'fhéadfadh an fhoinsé a bheith iontaofa cionn is:

Údar – Ba Theachta Parlaiminte (MP) tofa é John Hume. Is náisiúnaí é agus ceannaire an pháirtí náisiúnaigh is mó i dTuaisceart Éireann sa bhliain 1993, san am ar eisíodh Dearbhú Shráid Downing. Déanann Hume ionadaíocht do thuairimí na ndaoine a vótáil ar a shon agus a thacaigh lena pháirtí. Is ionann sin agus a rá gur foinsé iontach iontaofa eolais é, nó bheimis ag súil go mbeadh an tuairim sin acu siúd a vótáil dó agus ag daoine eile ina pháirtí.

Dáta – Is óráid i dTeach na dTeachtaí é ar 15 Mí na Nollag 1993, go díreach i ndiaidh fhógairt Dhearbhú Shráid Downing. Is foinsé chomhaimseartha é agus bhí léargas díreach aige ar na himeachtaí seo agus eolas pearsanta ar an dóigh ar mhothaigh a vótálaithe san am.

Ábhar – Cé go labhraíonn Hume ar an dóchas mhór atá aige as an todhchaí, anois le fógairt an dearbhaithe seo, agus go bhfuil súil aige go mbeidh an tsíocháin i réim in Éireann arís. Ach tá Hume réadúil go leor lena admháil go bhféadfadh cuid mhór deacrachtaí a bheith i ndán don phróiseas pholaitiúil amach anseo.

Teorainneacha – D'fhéadfadh amhras a bheith ann faoi iontaofacht na hóráide seo ar an ábhar go ndearnadh í i dTeach Teachtaí na Breataine agus bhí Hume ag iarraidh ar gach taobh tacú leis an dearbhú: is féidir, mar sin de, gur labhair sé go cúramach agus gur cheil sé an rud a bhí ar a chroí. Is féidir le hiontaofacht na foinsé a bheith in amhras fosta nó ní thugann sí ach an dearcadh náisiúnach.

Gníomhaíocht a Ceathair

Teideal: Sosanna Comhraic 1994

Príomhcheist: Cad é mar réitigh Dearbhú Shráid Downing an bealach do shosanna comhraic 1994?

Treoracha do Dhaltaí


- *Tabharfaidh bhur múinteoir sreabhléaráid daoibh mar léiriú amhairc ar an turas ó Dhearbhú Shráid Downing go dtí na sosanna comhraic (Teimpléad A).
- *Iarrfar oraibh oibriú i bhur bpéirí lena mhíniú cad chuige a mbeadh réiteach síochánta níos dóchúla mar gheall ar théarmaí áirithe i nDearbhú Shráid Downing ó dhearcadh na n-aontachtaithe agus ó dhearcadh na náisiúnaithe (Teimpléad B).
- *Ansin, roinnfear bhur rang ina dhá ghrúpa – grúpa amháin ag déanamh ionadaíochta d'aontachtas agus an grúpa eile ag déanamh ionadaíochta don dearcadh náisiúnach sna blianta 1993/1994.
- *Leanfaidh sibh treoracha an mhúinteora le fíid/fotha samhailteach meán sóisialta a chruthú do gach ceann de na himeachtaí ar an tsreabhléaráid a tugadh daoibh do na blianta 1993/1994, ó dhearcadh bhur ngrúpa (Teimpléad C).
- * Ansin, roinnfidh sibh bhur bhfotha meán sóisialta leis an ghrúpa eile mar chuid de dhíospóireacht idir an rang uile, agus míneoidh sibh cad é an dóigh agus cad chuige a bhféadfadh difear a bheith idir freagairtí an dá ghrúpa.
- * Mar chuid de bheart eile idir an rang uile, iarrfaidh bhur múinteoir oraibh an ról dearfach agus an ról diúltach a phlé atá ag na meáin shóisialta sa lá atá inniu ann i múnú na polaitíochta agus imeachtaí an domhain (Teimpléad D).

Treoir do Mhúinteoirí

- *Tabhair do gach dalta cóip den tsreabhléaráid a bhaineann le Dearbhú Shráid Downing sa bhliain 1993 agus ina dhiaidh sin le sosanna comhraic 1994 (Teimpléad A).
- *Iarr ar dhaltaí oibriú ina bpéirí lena mhíniú cad chuige a mbeadh réiteach síochánta níos dóchúla mar gheall ar théarmaí áirithe – a) ó dhearcadh na náisiúnaithe agus na bpoblachtach; b) ó dhearcadh na n-aontachtaithe agus na ndílseoirí. Aiseolas mar rang iomlán (Teimpléad B).
- *Roinn an rang ina dhá ghrúpa. Scríobhfaidh grúpa amháin sruth postálacha samhailteacha meán sóisialta leis na seacht n-imeachtaí ar an tsreabhléaráid a chumhdach ó dhearcadh na náisiúnaithe; déanfaidh an grúpa mar a gcéanna ó dhearcadh na n-aontachtaithe. Caithfidh siad smaoiniamh ar ainm cuí dá gcuntas meán sóisialta a léiríonn a meon/a ndearcadh. Ba chóir dóibh a thuiscint nach raibh na meáin shóisialta ann sna blianta 1993/1994 (Teimpléad C).
- *Caithfidh postálacha cloí le 140 carachtar ar a mhéad do gach imeacht. Lena chois, ba chóir dáta beacht gach postála a chur ar an teimpléad a chuirtear ar fáil. Scríobhann daltaí a bpostáil ar an Teimpléad Meán Sóisialta atá ar fáil. Cuir ina luí ar dhaltaí go bhfuil cosc ar phostálacha seicteacha, maslacha nó gránna.
- * Ina ngrúpaí, caithfidh daltaí an fhreagairt dóchúil ar gach imeacht ó náisiúnaithe/ó aontachtaithe a phlé, ag míniú a réasúnaíochta dá chéile agus don rang. Iarr ar dhaltaí féachaint le tábhacht gach imeachta a mhíniú i dtaca le réiteach síochánta a thabhairt níos deise/níos faide ar shiúl ó dhearcadh a ngrúpa.
- *Roinneann daltaí a bpostálacha leis an ghrúpa eile ag an deireadh; le nótaí déanta de dhifriochtaí agus de chosúlachtaí – taispeáin seo mar Fhíd ar Bhalla Twitter.
- *Mar chuid de rang iomlánach, iarr ar dhaltaí tionchar dearfach agus tionchar diúltach na meán sóisialta i múnú imeachtaí polaitiúla sa lá atá inniu ann a phlé. D'fhéadfaí iarraidh ar dhaltaí machnamh ar imeachtaí reatha polaitiúla mar chuid den phlé seo (Teimpléad D).

Gníomhaíocht a Ceathair

Teimpléad A – Ó Dhearbhú Shráid Downing go dtí na Sosanna



Gníomhaíocht a Ceathair

Teimpléad B – Roghnaigh téarma amháin ó Dhearbhú Shráid Downing agus mínigh a thábhacht i dtaca le teacht ar réiteach polaitiúil i dTuaisceart Éireann ó thaobh:

(A) Dearcadh na Náisiúnaithe

Téarma ó Dhearbhú Shráid Downing	Tábhacht an téarma seo ó thaobh bogadh chun cinn i dTuaisceart Éireann

(B) Dearcadh na bPoblachtach

Téarma ó Dhearbhú Shráid Downing	Tábhacht an téarma ó thaobh bogadh chun cinn i dTuaisceart Éireann

(C) Dearcadh na nAontachtaithe

Téarma ó Dhearbhú Shráid Downing	Tábhacht an téarma ó thaobh bogadh chun cinn i dTuaisceart Éireann

(D) Dearcadh na nDílseoirí

Téarma ó Dhearbhú Shráid Downing	Tábhacht an téarma ó thaobh bogadh chun cinn i dTuaisceart Éireann

Gníomhaíocht a Ceathair

Teimpléad C: Gníomhaíocht na Meán Sóisialta

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil dianchosc ar phostálacha seicteacha, gránna nó maslacha ar an tsuíomh seo

Ainm an Chuntais:
Postáil 1#
Postáil 2#
Postáil 3#
Postáil 4#
Postáil 5#
Postáil 6#
Postáil 7#

Gníomhaíocht a Ceathair

Teimpléad D – Cad é an ról atá ag na meáin shóisialta i múnú imeachtaí polaitiúla?

Breac síos a oiread tionchar dearfach agus tionchar diúltach agus is féidir leat smaoineamb orthu ar an dóigh a múnlaíonn na meáin shóisialta imeachtaí polaitiúla sa lá atá inniu ann – is féidir úsáid a bhaint astu seo mar phointí tagartha a chuideoidh leat a bheith páirteach sa díospóireacht ranga uile.

Tionchair dhearfacha agus samplaí	Tionchair dhiúltacha agus samplaí